

Gaelscoil Naomh Pádraig

Leamhcán, Co. Bhaile Átha Cliath

Uimh Rolla 19940G. Fón: 6241355 Facs: 6241301 www.gsnp.ie oifig.gsnp@gmail.com



Dáta/Date: 07/08/20

TAG: Athoscailt - Gaelscoil Naomh Pádraig

A thuismitheoir/chaomhnóir,

Tá súil againn go bhfuil cúrsaí go maith leat agus le do chlanna. Mar is eol duit, tá GSNP dúnta ón Déardaoin 12 Márta 2020 de bharr COVID-19. Chuige sin, táimid ag súil an scoil a oscailt go sábháilte arís go luath, i gcomhar leis na treoirlínte agus moltaí a thagann ón Rialtas agus ón Roinn Oideachais agus Scileanna.

Beidh comhoibriú de dhíth ó gach ball den gcomhphobal scoile - Bord Bainistíochta, foireann bainistíochta, foireann na scoile, tuismitheoirí agus daltaí araon. Iarrfar ar gach duine a gcuid a dhéanamh chun an scoil a oscailt go sábháilte agus iarracht srian a chur ar scaipeadh an víreas COVID-19. Le cúnamh Dé, cabhróidh sé seo linn diríú isteach ar an obair tábhachtach, sé sin Teagaisc agus Foghlaim na ndaltaí.

Le cúpla seachtain anuas, táimid ag obair ar phlean ag iarraidh an scoil a athoscailt go sábháilte. Tá plean na Roinne ‘Plean Freagartha’ ar fáil le léamh ar suíomh na scoile @ www.gsnp.ie. Tá eolas ginearálta ar na nithe seo a leanas sa phlean:

- Ullmhúchán fisiciúil, comharthaí agus stáisiúin díghalrán lámh
- Moltaí agus céimeanna a leantar agus traenáil I dtreo filleadh chun obair ar scoil go sábháilte don bhfoireann agus do na daltaí
- Moltaí ginearálta agus sonrach do dhaltaí, foireann na scoile, tuistí agus cuairteoirí ar na bealaí go ndéanfar iarracht scaipeadh an víreas a chosc

Tá ár Ráiteas ar ár bpolasáí COVID-19 foilsithe ar suíomh na scoile chomh maith. Coinneoidh bord bainistíochta na scoile tú ar an eolas ar an ndul chun cinn maidir le pleannanna a bhaineann le athoscailt na scoile agus roinnfear eolas leat a chabhróidh leat do chuidse a dhéanamh a chabhróidh linn an scoil a athoscailt go slán sábháilte.

Táimid ag tnúth go mór fáilte a chur roimh na páistí nuair a fhilleann siad ar scoil! Déanfaimid gach iarracht a dheimhniú gur eispéaras taitneamhach agus sábháilte a bheidh acu. Beimid i dteagmháil leat arís go luath sula n-osclaíonn an scoil ar an 27 Lúnasa.

Le meas,

Brian Ó Fiaich (Cathaoirleach)

Liam Breathnach (Priomhoide)

Gaelscoil Naomh Pádraig

Leamhcán, Co. Bhaile Átha Cliath

Uimh Rolla 19940G. Fón: 6241355 Facs: 6241301 www.gsnp.ie oifig.gsnp@gmail.com



RE: Re-opening of Gaelscoil Naomh Pádraig

Dear parent/guardian,

I hope you and your families are keeping well.

As you are aware our school has now been closed since the 12th of March 2020 due to the COVID-19 situation. We are hoping to re-open our school safely, in line with current guidance and recommendations. Re-opening the school safely will require the co-operation of all members of our school community - BoM, School leadership, staff, parents and Pupils. We will all be called on to play our part in ensuring that re-opening of our school is done in a safe manner which prevents the spread of the virus and which allows the vital work of Teaching and Learning to proceed with as little disruption as possible.

We have been working on our plan for the safe re-opening of our school over the last couple of weeks and have published the DES COVID-19 Response Plan for the safe and sustainable re-opening of our school on our website. The response plan gives details of:

- Physical preparation, signage and hand sanitiser stations
- Advice, procedures and training for the safe return to working in the school for all school staff and pupils
- General and specific advice on how all pupils, staff, parents and visitors will prevent the spread of the virus

We have also published our COVID-19 Policy Statement on the school website. Our BoM will keep you informed as to the progress of our re-opening plans and provide you with the information required by you to play your part in safely re-opening our school.

We are really looking forward to welcoming our children back to school and will be doing all that we can to ensure that the return to school is a safe and enjoyable one for the children. We will be in touch with you again before the school re-opens.

Yours sincerely,

A blue ink signature of "Brian Ó Fiaich" on a white background.

Brian Ó Fiaich (Cathaoirleach)

A grey ink signature of "Liam Breathnach" on a white background.

Liam Breathnach (Príomhoide)